

'Bhfuil a fhios agat - bíim in éad leis na capaillíní sin, an tsaoirse atá acu. Nuair a gheobhaidh mise bás tiocfaidh mé ar ais le bheith mo chapailín, saor gan chuing sa dúiche uaigneach seo."

-“Shíl mé go raibh tú ag dul a bheith i d'éan in *Ancares*, nach é sin an rud a dúirt tú liom?” arsa Caitlín go magúil leis.

Rinne sé gáire beag aiféaltais.

-“Bhuel, beidh mé i m'éan in *Ancares* ar dtús agus ansin i mo chapailín anseo.”

-“A leithéid de chaint, a *Javier*, ar lá chomh hálainn. Caith uait an chomhrá seo faoin bhás. Tá saol fada romhat, a *Javier*, agus mairfidh tú le do gharpháistí a fheiceáil ag imirt fá do chosa,” arsa sí.

-“Meas tú, a Chaitlín?”

-“Ó, bíodh ciall agat,” a dúirt sí. Thug sí coiscéim ina threo agus chuir sí a dhá láimh timpeall ar a choim agus tharraing sí chuici é.

-“Tá tú óg fós agus i d'fhear breá dóighiúil. Casfaidh tú le cailín deas óg éigin lá de na laethanta seo agus sula mbeidh a fhios agat, beidh bean agus teach agus lán an tí de pháistí agat.”

-“Níl a fhios agam. In amanna sílim go bhfuil an uain cailte agam.”

-“Ní éistfidh mé lena leithéid de sheafóid. Is ag cur éada orm atá tú.” Rinne sí gáire leis. Luigh sí a ceann isteach lena ucht agus d'fháisc sí chuici é.